Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2025/2137(INI)

15.10.2025

DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar rochtain phoiblí ar dhoiciméid – tuarascáil bhliantúil do na blianta 2022 - 2024
(2025/2137(INI))

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir: Veronika Cifrová Ostrihoňová

CLÁR

Leathanach

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 8

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR 9

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar rochtain phoiblí ar dhoiciméid – tuarascáil bhliantúil do na blianta 2022 - 2024

(2025/2137(INI))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), agus go háirithe Airteagail 1, 9, 10, 11 agus 16 de,

– ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus go háirithe Airteagal 15 de,

– ag féachaint do Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an Chairt), agus go háirithe Airteagail 41 agus 42 di,

– ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún[1],

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún an 30 Aibreán 2008 le haghaidh rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin (COM(2008)0229),

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún an 21 Márta 2011 le haghaidh rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún (COM(2011)0137),

– ag féachaint dá seasamh an 15 Nollaig 2011 maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún[2],

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2025 dar teideal ‘Clár oibre an Choimisiúin le haghaidh 2025’ (COM(2025)0045) agus dá iarscríbhinní a ghabhann léi, agus don rún a cuireadh in iúl ann tograí COM(2011)0137 agus COM(2008)0229 chun leasú a dhéanamh ar Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún a tharraingt siar,

– ag féachaint do Chinneadh (AE) 2024/3080 ón gCoimisiún an 4 Nollaig 2024 lena mbunaítear Rialacha Nós Imeachta an Choimisiúin agus lena leasaítear Cinneadh C(2000) 3614[3],

---

[1] IO L 145, 31.5.2001, lch. 43, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2001/1049/oj.
[2] IO C 168 E, 14.6.2013, lch. 159.
[3] IO L 2024/3080, 05.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/3080/oj.

– ag féachaint do rún uaithi an 14 Meán Fómhair 2017 maidir le trédhearcacht, cuntasacht agus ionracas in institiúidí AE[4],

– ag féachaint do Threoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint do dhaoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais[5],

– ag féachaint do rún uaithi an 10 Feabhra 2021 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid[6],

– ag féachaint do thuarascálacha agus do chinntí ón Ombudsman Eorpach, go háirithe Tuarascáil Speisialta OI/2/2022/OAM[7] agus don chinneadh i gcás 1316/2021/MIG[8],

– ag féachaint do chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) agus na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine,

– ag féachaint do bhreithiúnas CBAE an 14 Bealtaine 2025 i gCás T-36/23, *Stevi agus The New York Times v an Coimisiún*[9],

– ag féachaint do rún uaithi an 13 Iúil 2023 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid – tuarascáil bhliantúil do na blianta 2019-2021[10],

– ag féachaint do rún uaithi an 14 Márta 2024 maidir leis an am thógann an Coimisiún Eorpach chun déileáil le hiarrataí ar rochtain phoiblí ar dhoiciméid[11],

– ag féachaint do Rialacha 122(7) agus 149 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do Riail 55 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A10-0000/2025),

A. de bhrí go ráthaítear le Conarthaí an Aontais Eorpaigh an ceart chun rannpháirtíochta daonlathaí agus chun cinnteoireachta trédhearcaí do gach saoránach, lena gceanglaítear ar institiúidí rochtain ar dhoiciméid a dheonú don phobal; de bhrí go gcumasaítear leis an gceart bunúsach sin chun rochtain a fháil ar dhoiciméid, a chosnaítear leis na Conarthaí agus leis an gCairt, grinnscrúdú éifeachtach saoránach[12]; de bhrí gur dhearbhaigh CBAE go bhfuil rochtain phoiblí ar dhoiciméid ina cuid bhunriachtanach den daonlathas rannpháirtíochta;

---

[4] IO L 337, 20.9.2018, lch. 120.
[5] IO L 305, 26.11.2019, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2019/1937/oj.
[6] IO C 465, 17.11.2021, lch. 54.
[7] An tOmbudsman Eorpach, 'Tuarascáil Speisialta ón Ombudsman Eorpach ina fiosrúchán straitéiseach maidir leis an méid ama a ghlacann an Coimisiún Eorpach chun déileáil le hiarrataí ar rochtain phoiblí ar dhoiciméid (OI/2/2022/OAM)', an 21 Meán Fómhair 2023.
[8] An tOmbudsman Eorpach, 'Cinneadh maidir le diúltú an Choimisiúin Eorpaigh rochtain phoiblí a thabhairt ar theachtaireachtaí téacs arna malartú idir Uachtarán an Choimisiúin agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin cuideachta cógaisíochta maidir le vacsaín COVID-19 a cheannach (cás 1316/2021/MIG)', an 12 Iúil 2022.
[9] Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 14 Bealtaine 2025, *Stevi agus The New York Times v an Coimisiún*, T-36/23, ECLI:EU:T:2025:483.
[10] IO C, C/2024/4014, 17.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/4014/oj.
[11] IO C, C/2024/6560, 12.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/6560/oj.
[12] Airteagal 10(3) CAE, arna léamh i bhfianaise aithris 13 den bhrollach a ghabhann leis agus Airteagal 1(2) agus Airteagal 9 de, agus Airteagal 15 CFAE.

B. de bhrí gur chuir CBAE i bhfáth go bhfuil grinnscrúdú poiblí ar fhaisnéis reachtach bunriachtanach don daonlathas agus go gcuireann sé ar chumas na saoránach a gcearta daonlathacha a fheidhmiú go héifeachtach;

C. de bhrí go bhfuil saoránaigh ag súil go dlisteanach le trédhearcacht, éifeachtúlacht agus cuntasacht ó údaráis phoiblí, agus gur cheart d'institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh freagairt do na hionchais sin ar bhealach soiléir agus sothuigthe;

D. de bhrí go bhfuil rochtain ar fhaisnéis iontaofa agus chruinn ríthábhachtach chun coimirciú a dhéanamh i gcoinne mífhaisnéise agus chun cur i gcoinne scaipeadh na bréagaisnéise go héifeachtach;

E. de bhrí gur léiríodh i bhfiosrúchán straitéiseach an Ombudsman Eorpaigh a leagadh amach i dTuarascáil Speisialta OI/2/2022/OAM moilleanna sistéamacha agus suntasacha ón gCoimisiún, go háirithe maidir le hiarratais dearbhúcháin a láimhseáil (iarrataí ó iarratasóirí athbhreithniú a dhéanamh ar a fhreagairt tosaigh) tar éis diúltú tosaigh rochtain a thabhairt do shaoránaigh ar dhoiciméid;

F. de bhrí, i mí na Bealtaine 2021, gur iarr iriseoir rochtain ar dhoiciméid, lena n-áirítear teachtaireachtaí téacs idir Uachtarán an Choimisiúin agus Pfizer, ach go ndúirt an Coimisiún nach raibh aon taifead den sórt sin aige ar bhonn rialacha inmheánacha maidir le clárú; de bhrí gur mheas an tOmbudsman Eorpach nach raibh an fhreagairt sin leordhóthanach agus gur mhol sí cuardach athnuaite, i gcomhréir le hoibleagáidí rochtana poiblí faoi Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001;

G. de bhrí gur chuir an Coimisiún in iúl ina theachtaireacht maidir lena chlár oibre 2025 go raibh sé ar intinn aige tograí COM(2011)0137 agus COM(2008)0229 a tharraingt siar – iad araon dírithe ar leasú a dhéanamh ar Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ar rochtain phoiblí ar dhoiciméid – á lua nach ann d'aon chomhaontú intuartha, tar éis blianta de dhúsháinn reachtach ó 2011 i leith;

Tuarascálacha bliantúla ar rochtain phoiblí ar dhoiciméid

1. ag tabhairt dá haire gur leasaigh an Coimisiún a chreat trédhearcachta in 2024 trí Rialacha Nós Imeachta athbhreithnithe a ghlacadh, lena soiléirítear rialacha maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid faoi Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001;

2. ag tabhairt faoi deara go bhfuair an Coimisiún 6938 iarrataí ar rochtain tosaigh ar dhoiciméid agus 641 iarratas dearbhúcháin in 2024, arb ionann é agus méadú 7 % ó 2023[13];

3. á thabhairt chun suntais, faoin 31 Nollaig 2024, go raibh 918 803 tagairt i gClár Poiblí Doiciméad na Parlaiminte (méadú ó 898 267 ag deireadh 2023); ag tabhairt dá haire go raibh ráta foriomlán freagartha dearfaí fós ard ag 91 %, agus gur láimhseáladh iarratais laistigh de thart ar naoi lá oibre ar an meán[14];

[13] Tuarascáil ón gCoimisiún an 19 Bealtaine 2025 ar chur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún in 2024 (COM(2025)0239).
[14] Parlaimint na hEorpa, 'Rochtain Phoiblí ar Dhoiciméid 2024 – Tuarascáil Bhliantúil Pharlaimint na hEorpa',

Na forbairtí is déanaí

4. á chur i bhfáth, fiú i gcás nach mór faisnéis áirithe a choinneáil siar, gur cheart breithniú a dhéanamh ar nochtadh páirteach, i gcás ina bhfuil sé indéanta agus inmhianaithe i gcónaí, i gcomhthéacs leasa phoiblí sháraithigh sa trédhearcacht, lena gcuimsítear prionsabail an rialachais fhónta, na héifeachtúlachta institiúidí, na cuntasachta daonlathaí agus rannpháirtíocht fheabhsaithe saoránach i gceapadh beartas;

5. á chur in iúl gur cúis bhuartha di ró-aicmiú leanúnach agus forleathan doiciméad oifigiúil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh; á athdhearbhú a hiarrata seanbhunaithe, mar a cuireadh in iúl ina rúin roimhe seo maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid, go mbunófaí rialacha soiléire, comhsheasmhacha agus ceangailteacha ó thaobh dlí lena rialaítear aicmiú agus scaoileadh ó rúnaicmiú doiciméad;

6. á chur in iúl gur saoth léi nach bhfuil obair leantach fhóinteach fós á déanamh ag an gCoimisiún agus ag an gComhairle mar fhreagairt ar na moltaí sin;

7. á aithint gur léiríodh i bhfiosrúchán an Ombudsman Eorpaigh a leagtar amach i dTuarascáil Speisialta OI/2/2022/OAM patrún moilleanna sistéamacha ag an gCoimisiún maidir le freagairt d'iarratais dearbhúcháin, inar thángthas ar an gconclúid gur chuir easnaimh struchtúracha, acmhainní neamhleora agus cumarsáid neamhéifeachtach daoine aonair ó bheith ag feidhmiú a gceart rochtana;

8. á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go mbeidh gach togra reachtach a bheidh ann amach anseo bunaithe ar shonraí láidre infhíoraithe a léiríonn go soiléir a riachtanas, a gcomhréireacht agus a n-éifeachtacht ionchasach; ag tathant ar an gCoimisiún, thairis sin, trédhearcacht iomlán a áirithiú i roghnú na ngeallsealbhóirí a ndeachthas i gcomhairle leo agus tograí reachtacha á n-ullmhú;

9. á chur in iúl gur oth léi go bhfuil easnaimh trédhearcachta fós sa Chomhairle; ag tabhairt dá haire, agus iad ina n-ábhar imní di, na torthaí maidir lena diúltú rochtain a thabhairt ar dhoiciméid thríthaobhacha; á chur in iúl gur oth léi go dtugtar chun suntais i gcónaí sna hanailísí a rinneadh le déanaí go bhfuil easpa cleachtas réamhghníomhach maidir le foilsiú agus clárú ann;

10. á chur in iúl gur geal léi breithiúnas CBAE in *Stevi agus The New York Times v an Coimisiún* mar rannchuidiú tábhachtach le líne an chásdlí lenar cothaíodh cleachtais thrédhearcacha in institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh; ag tabhairt dá haire go leagtar béim sa bhreithiúnas ar an dualgas doiciméadacht a choinneáil go réamhghníomhach chun feidhmiú éifeachtach an chirt rochtana a áirithiú; á chur in iúl gur oth léi, áfach, gur roghnaigh CBAE gan Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 a athléiriú i bhfianaise modhanna cumarsáide nua-aimseartha agus oibleagáidí trédhearcachta atá ag teacht chun cinn;

Moltaí

11. ag tabhairt dá haire gur glacadh rialacha inmheánacha athbhreithnithe an Choimisiúin maidir le rochtain ar dhoiciméid, agus gur ardaíodh ceisteanna maidir lena

gcomhoiriúnacht leis an gCairt, le CAE, le CFAE agus le Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001; ag cur béim ar an bhfíoras gur ceart bunúsach faoi dhlí an Aontais Eorpaigh í rochtain ar dhoiciméid, atá bunriachtanach chun trédhearcacht, cuntasacht dhaonlathach agus rannpháirtíocht fhóinteach na saoránach a áirithiú; á iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacha sin i bhfianaise an chásdlí ábhartha agus, i gcás inarb iomchuí, iad a shoiléiriú nó a choigeartú chun an leibhéal is airde trédhearcachta a bhaint amach;

12. ag tabhairt dá haire gur tharraing an Coimisiún siar a thograí ó 2008 agus 2011 chun athbhreithniú a dhéanamh ar Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001; á chur in iúl gur oth léi an cinneadh sin iad a tharraingt siar tar éis blianta de sháinn gan treochlár soiléir, amlíne ná comhairliúchán fóinteach, rud a fhágann nach bhfuil deis thábhachtach ann an creat atá ann faoi láthair agus atá as dáta a nuachóiriú; á iarraidh ar an gCoimisiún togra nuashonraithe a chur síos lena gcúngófar eisceachtaí do chásanna a bhfuil géarghá leo agus lena leagfar síos caighdeán nua an Aontais Eorpaigh maidir le hoscailteacht agus rochtain phoiblí ar dhoiciméid;

13. á mholadh go dtabharfaí aghaidh go práinneach ar mhoilleanna sistéamacha maidir le hiarratais dearbhúcháin a láimhseáil trí nósanna imeachta inmheánacha a fheabhsú, acmhainní leordhóthanacha a leithdháileadh agus cumarsáid thráthúil agus thrédhearcach a áirithiú le hiarratasóirí, chun seasamh le hoibleagáidí dlíthiúla agus chun tacú le muinín agus rannpháirtíocht an phobail;

14. á chur i bhfáth nach mór trédhearcacht agus rochtain ar dhoiciméid atá i seilbh institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh a bheith mar riail agus nach mór eisceachtaí ón riail sin a léirmhíniú go docht, agus leas poiblí sáraitheach maidir le nochtadh á chur san áireamh chun grinnscrúdú poiblí a cheadú;

15. á chur i bhfios go láidir go bhféadfadh easpa eolais maidir le cé acu atá nó nach bhfuil doiciméid ann go hiarbhír bac a chur ar shaoránaigh a gceart chun rochtain a iarraidh a fheidhmiú; á chur i bhfáth gur ceanglas dlíthiúil faoi na Conarthaí agus faoin gCairt é a áirithiú go mbeidh saoránaigh in ann an próiseas reachtach a thuiscint, a leanúint go mion agus a bheith rannpháirteach ann, agus gur bunriachtanas é sin don ghrinnscrúdú daonlathach agus don daonlathas ina iomláine;

°

° °

16. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Is é is aidhm don tuarascáil seo a athdhearbhú gur ceart bunúsach de chuid gach saoránaigh í rochtain ar dhoiciméid faoi na Conarthaí, faoin gCairt um Chearta Bunúsacha agus faoi chreat an Aontais maidir le rochtain ar dhoiciméid, agus cultúr trédhearcachta a neartú lena dtugtar cothroime do phróisis bheartais agus don dioscúrsa poiblí. Déantar measúnú inti ar fhorbairtí a rinneadh le déanaí agus sainaithnítear inti easnaimh atá ann cheana, amhail moilleanna sistéamacha, ró-aicmiú, foilsiú réamhghníomhach míchothrom, agus éiginnteacht.

Ar an mbonn sin, cuirtear chun cinn leis an tuarascáil cur chuige nua-aimseartha atá dírithe ar an saoránach lena ndéantar riail den nochtadh agus eisceacht den rúndacht. Ina theannta sin, tá sé d'aidhm ag an tuarascáil cinntí tráthúla, dea-réasúnaithe a bhaint amach maidir le hiarrataí; rochtain luath agus éifeachtach ar dhoiciméid reachtacha, thríthaobhacha agus chomhaontaithe idirnáisiúnta a ráthú; agus cláir réamhghníomhacha a fheabhsú. Féachann sí le cóir chomhionann a áirithiú do gheallsealbhóirí, rannpháirtíocht fheasach a chumasú, agus cuntasacht dhaonlathach a neartú ar fud na n-institiúidí, na gcomhlachtaí, na n-oifigí agus na ngníomhaireachtaí Eorpacha.

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR

I gcomhréir le hAirteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir go bhfuil ionchur curtha san áireamh aici ina tuarascáil ar shaincheisteanna a bhaineann le hábhar an chomhaid a fuair sí, le linn ullmhú na dréacht-tuarascála, ó na hionadaithe leasa seo a leanas a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach[1], nó ó na hionadaithe údarás poiblí tríú tíortha seo a leanas, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí:

1. Ionadaithe leasa a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach
Access Info Europe

Is faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara a dhéantar an liosta thuas a tharraingt suas.

I gcás ina sainaithnítear daoine nádúrtha ar an liosta de réir a n-ainm, a bhfeidhme nó an dá cheann, dearbhaíonn an rapóirtéir go ndearna sí Fógra Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa Uimh. 484 (https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do) a chur faoi bhráid na ndaoine nádúrtha lena mbaineann, ar fógra é lena leagtar amach na coinníollacha is infheidhme maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus na cearta a bhaineann leis an bpróiseáil sin.

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach ó mhí na Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1, ELI:http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2021/611/oj).